Obair i gcomhpháirtíocht: Working in partnership

Foláireamh Poiblí: Fógra Uisce a Fhiuchadh
Uisce Éireann agus Comhairle Chontae na Gaillimhe

SCÉIM SOLÁTHAIR UISCE PHOIBLÍ BAILE AN CHEATHRÚ RUA

Dáta an Fhógra Uisce a Fhiuchadh: 5/03/2016

Tá sé tugtha faoi deara ag Uisce Éireann agus Comhairle Chontae na Gaillimhe go bhfuil Cryptosporidium i bhfoinse uisce na Ceathrún Rua. De réir comhairle ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, agus ar mhaithe le sláinte an phobail tá fógra uisce a fhiuchadh á eisiúint ag Uisce Éireann do réigiún na Ceathrún Rua. Dá réir sin, moltar go ndéanfaidh úsáideoirí **Scéim Soláthair Uisce Phoiblí An Cheathrú Rua agus na ceantair seo leanas uisce a fhiuchadh sula n-úsáidtear é.**

Na ceantair seo leanas san áireamh: An Cheathrú Rua, Baile An Cheathrú Rua, Cinn Mhara, Béal an Daingin, Camas, Casla, Gleann Trasna, Muiceanach.

1: Ní mór uisce a fhiuchadh sna cásanna seo a leanas:

Ní mór duit Uisce a Fhiuchadh sna cásanna seo a leanas:

- **Uisce Óil**
- Deochanna a dhéantar le huisce
- Ullmhú sailéad agus bianna den tsamhail chéanna, i gcás nach ndéantar iad a chócaráil sula n-itear iad
- Fiacla a scuabadh
- Oighear a dhéanamh

2: Cad iad na cásanna inar féidir an t-uisce a úsáid:

Is féidir leat an t-uisce a úsáid sna cásanna seo a leanas:

- Sláinteachas pearsanta, folcadh agus sruthlú leithris ach ná húsáid an t-uisce chun fiacla a scuabadh ná chun craosfholcadh a dhéanamh.
- Fiuch an t-uisce go dtí go bhfuil sé ag fiuchadh go bríomhar agus lig dó fuarú. Clúdaigh é agus stóráil i gcuisneoir nó in áit fhionnuar é. Níl sé sábháilte uisce ón sconna te a ól.

3: Rabhadh

Tabhair an méid seo a leanas do d'aire:

- Ní bheidh an t-uisce sábháilte lena ól má chuirtear trí scagairí uisce tís é.
- Is ceart duit a bheith cúramach le linn leanaí a fholcadh chun a chinntiú nach slogann siad an t-uisce folctha.
- Caith amach aon chiúbanna oighir atá ann sa chuisneoir nó sa reoiteoir agus aon uisce scagtha atá ann sa chuisneoir. Déan oighear as uisce fiuchta atá fuaraithe.

4: Ní ceart aon uisce seachas uisce ullmhaithe a úsáid sna cásanna seo a leanas.

Is ceart Uisce Ullmhaithe (fiuchta agus fuaraithe) amháin a úsáid sna cásanna seo a leanas:

- Úsáid uisce atá ullmhaithe lena ól i gcás ina bhfuil bianna nach mbeidh á gcócaráil á n- ullmhú (e.g. sailéid a ní)
- Ullmhaigh bia naíonáin le huisce ón sconna atá fiuchta uair amháin agus fuaraithe ina dhiaidh sin. Ná húsáid uisce atá fiuchta roinnt uaireanta. Má úsáidtear uisce buidéalaithe chun bia naíonáin a ullmhú, is ceart é a fhiuchadh uair amháin agus a fhuarú ina dhiaidh sin. Má tá uisce buidéalaithe á úsáid agat chun bia naíonáin a ullmhú, is ceart a bheith ar an eolas go mbíonn cion ard sóidiam ann i gcineálacha áirithe uisce mianraí nádúrtha. Is é atá sa teorainn dhlíthiúil i gcomhair sóidiam in uisce óil na 200mg in aghaidh an lítir. Léigh an lipéad ar an mbuidéal lena chinntiú nach bhfuil an cion sóidiam nó an cion 'Na' níos mó ná 200mg in aghaidh an lítir. Má tá sé níos mó ná sin, tá sé inmholta cineál eile uisce bhuidéalaithe a úsáid. Úsáid uisce den sórt sin ar feadh tréimhse chomh gearr agus is féidir más rud é nach bhfuil aon chineál eile uisce ar fáil. Tá sé tábhachtach a chinntiú go n-ólann naíonáin dóthain uisce.

5: Comhairle:

Tabhair an chomhairle seo a leanas do d'aire le do thoil:

- Má bhíonn buinneach ar dhuine (i.e. 3 cinn d'oibrithe inní de chineál scaoilte laistigh de thréimhse 24 huaire an chloig) ar feadh tréimhse is faide ná dhá lá, is ceart dul i dteagmháil le lia-chleachtóir agus sampla faecais a chur ar fáil lena thástáil. Sa chás sin, is ceart do dhuine leanúint de neart uisce fhiuchta nó uisce bhuidéalaithe a ól.

6: Bí Cúramach:

Bí Cúramach i gcónaí:

Bí cúramach nuair atá tú ag plé le huisce fiuchta chun dó agus scalladh a sheachaint mar go dtarlaíonn timpistí gan choinne, go háirithe i gcás leanaí.

7: Cá fhad a bheidh an fógra uisce a fhiuchadh i bhfeidhm?

Níl a fhios againn faoi láthair, ach leanfaidh Uisce Éireann agus Comhairle Chontae na Gaillimhe d'idirchaidreamh a dhéanamh le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte d'fhonn an Fógra Uisce a Fhiuchadh a chealú a luaithe is indéanta.

8: Conas a choimeádfaimid an pobal ar an eolas?

Coimeádfar an pobal ar an eolas trí na meáin seo a leanas:

- **Láithreán gréasáin: www.water.ie; www.galway.ie**
- **Ionad Cúraim Custaiméara Uisce Éireann: 1890 278 278**
- **Raidió na Gaeltachta**
- **@IWCare ar Twitter**

9: Meabhair do Áitreabh Tráchtála

Iarrtar oraibh ar son Uisce Éireann an fógra Fhiuchadh Uisce seo a choiméad suas in áit feiceálach i do áitreabh tráchtála

Cuimhnigh nach mór uisce a fhiuchadh go dtí go dtugtar fógra dá mhalairt

Ní bhaineann an fógra seo le ceantair eile ná le scéimeanna uisce eile i gContae na Gaillimhe

S Granahan
Bainisteoir Réigiúnach
Uisce Éireann

J Cullen
Stiúrthóir Seirbhísí
Comhairle Chontae na Gaillimhe